Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2025
(OR. en)

9607/25

RECH 252
COMPET 445
IND 164
MI 346

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 270 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú<br>Roghnaigh an Eoraip chun dul i mbun gnó agus méadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 270 final.

Faoi iamh: COM(2025) 270 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2025
COM(2025) 270 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú**

**Roghnaigh an Eoraip chun dul i mbun gnó agus méadú**

{SWD(2025) 138 final}

## 1. RÉAMHRÁ

*Comhthéacs*

**Is mithid don Eoraip a bheith ina lárionad cumhachta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta. Tá ár n-iomaíochas agus, i ndeireadh na dála, ár rathúnas ag brath air.** Is féidir le héiceachóras rathúil de ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú geilleagar na hEorpa a athrú ó bhonn – tríd an táirgiúlacht a mhéadú, poist ardcháilíochta a chruthú agus tallann agus infheistíochtaí a mhealladh. Is féidir príomhról a bheith aige freisin san uaillmhian a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin gceannasacht teicneolaíochta agus chun an nuálaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair. Is cuid lárnach é chun glao an Chompáis Iomaíochais a bhaint amach maidir le fáinne óir nuálaíochta a atosú.

**Tá an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar fud ár ngeilleagair á spreagadh cheana féin ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip**. Is príomhfhoinse táirgí agus seirbhísí nua iad na 35 000 cuideachta luathchéime ar fud an Aontais seo againne, chomh maith leis na 3 400 cuideachta teicneolaíochta bhreise atá ina gcéim fáis.[1] Éiríonn thar barr leo réitigh nuálacha a thabhairt ar dhúshláin na gcliant, trí bheith ag díriú ar mhargaí nideoige nó ar mhargaí atá ag teacht chun cinn agus trí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a dtugann cuideachtaí móra neamhaird orthu go minic. Spreagann siad nuálaíocht shuaiteach agus cruthaíonn siad margaí nua inar féidir leis an Aontas ceannaireacht dhomhanda a ghlacadh. Spreagann siad nuálaíocht freisin i gcuideachtaí níos mó atá bunaithe trí bhíthin comhoibriú, iomaíochta agus éadála.

**Éiceachóras rathúil le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip, is rud é sin atá ríthábhachtach freisin dár n-uathriail straitéiseach agus dár n-athléimneacht níos leithne.** Gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, neartaíonn siad acmhainneacht thionsclaíoch agus táirgiúlacht an Aontais agus cuidíonn siad le spleáchais i bpríomhearnálacha agus i dteicneolaíochtaí criticiúla a laghdú. Thar aon ní eile, tá ról ríthábhachtach acu freisin maidir le poist a chur ar fáil do mhuintir na hEorpa, agus trí mhilliún post a chruthaigh gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta amháin le 10 mbliana anuas. Is féidir cur leis an gclaochlú sin a thuilleadh trí thíortha is iarrthóirí a lánpháirtiú de réir a chéile, rud a leathnóidh tionchar éiceachóras iomaíoch an Aontais.

*An diagnóis: Bunchlocha láidre, dúshláin bhuana*

**Tá dúshraith dhaingean ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag gnólachtaí atá ag méadú chun go mbeidh rath orthu san Aontas, lena n-áirítear lucht saothair ardoilte agus córas rialála cobhsaí**. Is lárionad cumhachta eacnamaíoch domhanda é an tAontas a bhfuil ceannaireacht aige sa taighde agus sa nuálaíocht, is margadh aonair é ina bhfuil 450 milliún tomhaltóir, tá iomaíocht éifeachtach chothrom agus coigilteas teaghlaigh nach beag ann agus tá timpeallacht infheistíochta agus ghnó intuartha ann, bunaithe ar an smacht reachta. Tá méadú ag teacht ar an bhfiontraíocht teicneolaíochta, agus níos mó gnólachtaí nuathionscanta á seoladh gach bliain ná mar atá sna Stáit Aontaithe agus méadú faoi cheathair ar chuideachtaí luathchéime ó bhí 2015 ann.[2]

---

[1] Atomico (2024), *State of the European Tech 2024* [Staid na Teicneolaíochta Eorpaí 2024].
[2] Dealroom – *Accelerating Europe report* [Tuarascáil maidir le Dlús a chur leis an Eoraip], 2025

**Tá feabhas nach beag curtha ag beartais an Aontais agus ag beartais náisiúnta ar éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta.**[3,4] Ó bhí 2007 ann, tá os cionn EUR 70 billiún de chaipiteal fiontair tiomsaithe ag gnólachtaí nuathionscanta atá ag forbairt teicneolaíochtaí ceannródaíocha atá maoinithe ag an Aontas agus tá luach fiontair os cionn EUR 500 billiún ginte acu. An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, a seoladh in 2018 agus buiséad EUR 10,1 billiún aici, tacaíonn sí le nuálaíochtaí suaiteacha ón taighde go dtí an scálú. Sa lá atá inniu ann, tá Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí ar cheann de na cistí caipitil fiontair teicneolaíochta doimhne is mó san Aontas, arb é is aidhm dó suas le EUR 20 billiún a thiomsú do ghnólachtaí nuathionscanta faoi 2027. Le InvestEU, an clár is mó de chuid an Aontais chun tacú le cuideachtaí ag gach céim forbartha, comhlánaítear é sin trí shíolchaipiteal, fás, uas-scálú, monaraíocht agus cur in úsáid a chothú[5]. Trí chomhpháirtithe amhail an Ciste Eorpach Infheistíochta, tá InvestEU ríthábhachtach chun éiceachóras caipitil fiontair na hEorpa a fhorbairt, agus d'éirigh leis an Tionscnamh um Sheaimpíní Teicneolaíochta Eorpacha cistí poiblí a chomhthiomsú chun tacú le cistí caipitil fiontair na hEorpa.

**Ach tá sé fós deacair cuideachtaí nuálacha a thosú agus a uas-scálú san Eoraip sa lá atá inniu ann**. Idir aistriú ón tsaotharlann go dtí an margadh, rochtain a fháil ar chaipiteal agus ar thallann, agus imeacht rathúil, tá dúshláin mhóra fós le sárú ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip. Tá an margadh fós ilroinnte, le míchothromaíochtaí réigiúnacha, agus cuirtear bac ar iarrachtaí an Aontais taighde a aistriú go táirgí indíolta agus gnólachtaí ar scála mar gheall ar Mhargadh Aonair neamhiomlán — lena n-áirítear le haghaidh caipitil, ilroinnt rialála, fonn riosca níos ísle ar infheisteoirí, glacadh mall nuálaíochta agus soláthar poiblí tearcúsáidte.

**Is minic a bhíonn dhá 'ghleann an bháis' roimh ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha (Fíor 1).** Tarlaíonn an chéad cheann nuair a theipeann ar nuálaíochtaí éirí ina dtáirgí indíolta, agus tarlaíonn an dara ceann, atá thar a bheith dúshlánach san Eoraip, nuair a bhíonn cuideachtaí ag streachailt chun méadú. Idir 2008 agus 2021, d'athlonnaigh beagnach 30 % de 'na haonbheannaigh'[6-] Eorpacha lasmuigh den Aontas,[7] agus as measc na ngnólachtaí domhanda atá ag méadú níl ach 8 % díobh lonnaithe san Eoraip. Tá an baol ann go dtitfidh an Eoraip chun deiridh sna teicneolaíochtaí straitéiseacha, ós rud é go bhfuil sí ag streachailt chun gnólachtaí teicneolaíochta ardacmhainneachta atá ag méadú a choinneáil agus a mhealladh.

---


[3] Mar shampla, Comhghuaillíocht na Náisiún um Ghnólachtaí Nuathionscanta na hEorpa a bhfuil sé de mhisean aici dea-chleachtais bheartais le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta a shainaithint, a chomhroinnt agus a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát maidir lena gcur chun feidhme faoi inniúlachtaí náisiúnta.

[4] An Coimisiún Eorpach - *Europe's next leaders: the Start-up and Scale-up Initiative* [Na chéad cheannairí eile a bheidh ag an Eoraip: an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú], COM(2016) 733 final, 22 Samhain 2015; an tionscnamh Startup Europe (https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/startup-europe).

[5] Úsáidtear thart ar 40 % den EUR 26,2 billiún de ráthaíocht InvestEU chun tacú le hinfheistíocht fiachais fiontair ardriosca, infheistíocht chuasachothromais agus infheistíocht chothromais a dhéanann comhpháirtithe cur chun feidhme faoi shocruithe comhroinnte riosca le buiséad an Aontais.

[6] Is éard is aonbheannach ann cuideachta - gnólacht nuathionscanta - atá faoi sheilbh phríobháideach ag a bhfuil luacháil mhargaidh EUR 1 bhilliún nó os a chionn.

7 *In search of the EU unicorns – what do we know about them?* [Sa tóir ar aonbheannaigh an Aontais — cad atá ar eolas againn fúthu?] Tuarascáil theicniúil JRC, 2022 https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC127712




**/Fíor 1: Léaráid shimplithe de ghleann dúbailte an bháis a bhíonn roimh ghnólacht nuathionscanta**

*An fhís: Lárionad cumhachta i dtaca le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a dhéanamh den Aontas*

**Is é is aidhm don Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú an áit is fearr ar domhan a dhéanamh den Eoraip chun cuideachtaí domhanda atá dírithe ar an teicneolaíocht a sheoladh agus a fhás, lena n-áirítear cuideachtaí teicneolaíochta doimhne**. Is é is fócas don straitéis cuidiú le nuálaithe, le bunaitheoirí agus le hinfheisteoirí an Eoraip a roghnú! trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, rud a chuireann ar a gcumas dóibh leas a bhaint as deiseanna geopholaitiúla nua agus a laghdaíonn na cúiseanna le hathlonnú lasmuigh den Aontas. Tá sé sin ríthábhachtach do theicneolaíochtaí straitéiseacha, amhail, mar shampla, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, ard-leathsheoltóirí, teicneolaíocht leighis, biteicneolaíocht, feidhmeanna bithgheilleagair, teicneolaíocht agus fuinneamh glan (lena n-áirítear teicneolaíocht núicléach), teicneolaíocht uisce agus teicneolaíocht ghorm, slándáil, cosaint, spás, róbataic agus ardábhair.[8]

Trí thógáil ar an Straitéis ón gCoimisiún maidir le Margadh Aonair[9] agus ar iarrachtaí eile chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, dírítear sa straitéis ar an rochtain ar mhargadh inmheánach na hEorpa a fheabhsú, ar bearta iad a bhfuil an-acmhainneacht iontu an nuálaíocht a spreagadh agus cuideachtaí Eorpacha a choimeád iomaíoch ar fud an domhain. I gcás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, cuireann sin ar a gcumas dóibh fás agus an scála is gá a bhaint amach chun dul san iomaíocht go héifeachtach.

Chun é sin a bhaint amach, leis an straitéis féachtar le geilleagar na hEorpa a aistriú i dtreo samhail níos fiontraíche agus níos nuálaí. Is é is aidhm di éiceachóras dinimiciúil a chruthú ina spreagtar fís mhisniúil agus dul i riosca ríofa, agus meastar gur céim riachtanach é teip

[8] Lena n-áirítear aon fheidhm dé-úsáide.
[9] Straitéis maidir le Margadh Aonair

chun dul chun cinn a dhéanamh. Leis an straitéis spreagfar athruithe beartais agus rialála ar fud an Aontais, agus dea-shampla á thabhairt ag an gCoimisiún. Is é is aidhm di an bealach a réiteach don chéad ghlúin eile de ghnólachtaí nuathionscanta, de cheinteáir agus d'aonbheannaigh Eorpacha a bhfuil sé d'acmhainn acu a bheith ina gceannairí teicneolaíochta domhanda.

**Leagtar amach sa Straitéis roinnt bearta tacaíochta reachtacha, beartais agus airgeadais chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí Eorpacha atá ag méadú, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Déanfar a thionchar a thomhas de réir** 1) an méadú ar an líon gnólachtaí nuathionscanta san Aontas, 2) an méadú ar an líon ceinteár[10] san Aontas agus 3) an méadú ar an líon aonbheannach san Aontas, agus an chaoi a bhfuil siad sin i gcomparáid le hiomaitheoirí domhanda an Aontais.

**Tá an Straitéis struchtúrtha de réir riachtanais éagsúla** a d'fhéadfadh a bheith roimh chuideachta nuálach le linn a saolré, óna thús go huas-scálú go dtí go n-aibíonn sí agus go n-éiríonn léi san Aontas:

1) rialáil atá fabhrach don nuálaíocht;

2) maoiniú níos fearr;

3) glacadh agus leathnú tapa sa mhargadh;

4) tacaíocht don tallann is fearr; agus

5) rochtain ar bhonneagar, ar líonraí agus ar sheirbhísí.

Tá Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leis an Straitéis.

[10] Is éard is ceinteár ann cuideachta atá faoi sheilbh phríobháideach – gnólacht nuathionscanta – ag a bhfuil luacháil mhargaidh EUR 100 milliún nó os a chionn

## 2. RIALACHÁN ATÁ FABHRACH DON NUÁLAÍOCHT

**Aithnítear an Eoraip mar gheall ar a caighdeáin rialála láidre, rud a thugann cobhsaíocht agus muinín d'infheisteoirí an Aontais agus d'infheisteoirí nach infheisteoirí den Aontas iad araon.** Le creat rialála an Aontais áirithítear sábháilteacht agus soiléireacht freisin do ghnólachtaí nuathionscanta, rud a chothaíonn an nuálaíocht agus an fhiontraíocht. An tráth céanna, tá ualaí riaracháin á laghdú go gníomhach ag an gCoimisiún, agus é d'aidhm aige laghdú 25 % a dhéanamh orthu i gcás cuideachtaí agus 35 % i gcás FBManna, rud a chuirfidh feabhas ar an lúfaireacht. Leis an Straitéis maidir le Margadh Aonair[11] téitear i ngleic le hilroinnt agus bacainní ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, rud a chuireann bonn láidir faoin bhfás ar fáil.

**Chun leanúint de bheith iomaíoch i dtimpeallacht na teicneolaíochta domhanda atá ag athrú go tapa, tá roinnt dúshlán roimh an Aontas.** Mar gheall ar an ilroinnt rialála ó Bhallstát go chéile, tá sé deacair do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú oibriú go héifeachtúil laistigh den Mhargadh Aonair. Le córais dlí náisiúnta éagsúla, go háirithe i réimsí amhail cánachas, dlí na gcuideachtaí agus dlí na n-urrús, cruthaítear bacainní d'infheisteoirí, rud a chuireann teorainn leis an sreabhadh caipitil. Bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí nuathionscanta freisin dul i ngleic leis an éagsúlacht sna dlíthe saothair agus leis na costais arda a bhaineann le teip, rud a chuireann leis an éiginnteacht i gcás bunaitheoirí agus infheisteoirí araon. Thairis sin, cuirtear bac ar ghlacadh táirgí agus seirbhísí suaiteacha le luas mall an fhormheasa rialála le haghaidh teicneolaíochtaí nua, in éineacht leis na creataí rialála atá ann cheana nach n-oiriúnaíonn go tapa don nuálaíocht.

**Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór don Aontas feabhas a chur ar a lúfaireacht rialála**. An Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht agus an 28ú córas atá ar na bacáin, is nithe iad sin a chuideoidh le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí atá ag méadú forbairt ar fud an Aontais. Le glacadh na Treorach maidir le Dócmhainneacht, simpleofar na nósanna imeachta dócmhainneachta, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí nuathionscanta freisin trí chastacht agus costais a laghdú. Leis an Moladh Cánach atá ar na bacáin, mar chuid den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, molfar caitheamh go fabhrach leis an íoc láithreach agus leis an dímheas luathaithe agus dreasachtaí a sholáthar do chreidmheasanna cánach lena dtacaítear le gníomhaíochtaí infheistíochta ag gnólachtaí nuathionscanta agus ag gnólachtaí atá ag méadú. Ina theannta sin, is féidir le **boscaí gainimh rialála**[12] timpeallachtaí tástála faoi fhíordhálaí domhanda a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh a nuálaíochtaí a bheachtú agus is féidir le rialtóirí ag an am céanna tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais nuálaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus rialacha a choigeartú chun freagairt níos fearr do na dúshláin sin. Dá bhrí sin, ní hamháin go gcuidíonn boscaí gainimh le gnólachtaí nuathionscanta[13] ach cothaíonn siad

11 *The Single Market: our European home market in an uncertain world* [An Margadh Aonair: margadh baile na hEorpa i ndomhan éiginnte], COM(2025) 500 final

12 Conclúidí ón gComhairle maidir le Boscaí Gainimh Rialála agus Clásail Turgnamhaíochta mar uirlisí le haghaidh creat rialála athléimneach atá fabhrach don nuálaíocht, a bheidh slán i bhfad na haimsire agus a sháróidh dúshláin shuaiteacha sa ré dhigiteach 2020/C 447/01, IO C 447, 23.12.2020, lch. 1.

13 Mar shampla, i gcás breis agus 60 % de ghnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta airgeadais a ghlac páirt i mboscaí gainimh rialála d'éirigh leo infheistíocht a mhealladh laistigh de na chéad 6 mhí dá dtrialacha (https://www.jbs.cam.ac.uk/faculty-research/centres/alternative-finance/publications/early-lessons-on-

comhar níos dlúithe leis na húdaráis freisin, trí mhuinín a thógáil agus trí infheistíocht a mhealladh agus, nuair a chuirtear i bhfeidhm iad maidir le nuálaíocht áitbhunaithe, is féidir leo forbairt áitiúil a spreagadh ar scála críochach.

**Molfaidh an Coimisiún moltaí tírshonracha trí bhíthin phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh chun feabhas a chur ar an mbeartas nuálaíochta agus chun an timpeallacht ghnó sna Ballstáit a shimpliú**. Leanfaidh an Coimisiún d'acmhainneacht riaracháin na mBallstát a neartú trí bhíthin na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil. Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún chun dlús a chur le próisis um chaighdeánú an Aontais chun coinneáil suas leis an dul chun cinn teicneolaíoch, agus é ag áirithiú gur rianúla agus gur tapúla a bheidh an iontráil sa mhargadh agus an leathnú le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta ar fud an Mhargaidh Aonair.

**<u>Gníomhaíochtaí</u>**

- **Molfaidh an Coimisiún an 28ú córas Eorpach** lena gcuirfear tacar aonair rialacha ar fáil do chuideachtaí. D'áireofaí leis creat dlíthiúil corparáideach de chuid an Aontais, bunaithe ar réitigh dhigiteacha mar réamhshocrú, agus cuideoidh sé le cuideachtaí bacainní a shárú maidir le cuideachtaí a bhunú, a mhéadú agus a oibriú ar fud an Mhargaidh Aonair. Chun é sin a dhéanamh, simpleofar na rialacha is infheidhme agus laghdófar an costas a bhaineann le cliseadh, trí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sonracha laistigh de réimsí ábhartha dlí, lena n-áirítear dócmhainneacht, dlí saothair agus dlí cánach. Fiosrófar an bhféadfaí cuideachtaí a chumasú chun bunú san Eoraip níos gasta, go hidéalach laistigh de 48 n-uair an chloig (R1 2026).
- **Molfaidh an Coimisiún Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa** mar bhunchloch chun gnó a dhéanamh go simplí agus go digiteach san Aontas, lena mbunófar céannacht dhigiteach do gach oibreoir eacnamaíoch agus lena gcuirfear creat ar fáil chun sonraí agus dintiúir fhíoraithe a chomhroinnt chun idirghníomhaíochtaí digiteacha gan uaim a chumasú idir oibreoirí eacnamaíocha agus riaracháin phoiblí ar fud an Aontais (R4 2025).
- **Molfaidh an Coimisiún Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht lena** gcuirfear **boscaí gainimh rialála chun cinn freisin,** chun go mbeidh nuálaithe in ann smaointe nua a fhorbairt agus a thástáil. Beidh sainmhíniú dlíthiúil coiteann agus bunphrionsabail ann maidir le boscaí gainimh rialála a bhunú, lena n-áirítear boscaí gainimh rialála trasteorann nó áitbhunaithe, agus riachtanais earnáilsonracha á n-áirithiú san am céanna (R1 2026).
- Molfaidh an Coimisiún **'Tástáil Struis Nuálaíochta' dheonach ó na Ballstáit**, ina mbeidh moltaí do na Ballstáit measúnú córasach a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an nuálaíocht agus reachtaíocht náisiúnta nua nó athbhreithnithe á hullmhú acu (R1 2026).
- Cuirfidh an Coimisiún tograí ar aghaidh chun **ualaí rialála in earnálacha straitéiseacha a laghdú** trí bhíthin tograí reachtacha agus neamhreachtacha earnála atá ar na bacáin, amhail an Gníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht, Straitéis

regulatory-innovation-to-enable-inclusive-fintech/) agus trí pháirt a ghlacadh i mboscaí gainimh tháinig méadú 50 % ar an seans a bhí acu cistiú a mhealladh (https://www.bis.org/publ/work901.pdf)

Bhithgheilleagair an Aontais, Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa, an Gníomh um Ardábhair, an Rialachán maidir le Feistí Leighis agus an Pacáiste Omnibus um Shimpliú Cosanta (ó 2025).

- Déanfaidh an Coimisiún **athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Caighdeánú** chun próisis socraithe caighdeán a dhéanamh níos tapúla agus níos inrochtana, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta (R2 2026).
- **Seolfaidh an Coimisiún staidéar** chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chruthaíonn an chaoi a n-eagraítear agus a rialaítear athstruchtúrú corparáideach ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát bacainní do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do chuideachtaí nuálacha maidir le hoiriúnú gnó agus nuálaíocht in earnálacha éagsúla den gheilleagar, bunaithe ar shonraí ar leibhéal an ghnólachta (2026). Leis an staidéar seo tacófar le cur chun feidhme an Treochláir um Poist ar Ardchaighdeán agus an phacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair.

## 3. MAOINIÚ NÍOS FEARR DO GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ AG MÉADÚ

**D'éirigh go maith le hinfheistíochtaí caipitil fiontair Eorpacha, agus tá na torthaí ar aon dul anois le contrapháirtithe nach bhfuil san Aontas nó tá siad níos fearr ná iad.**[14] Bhí ról lárnach ag earnáil phoiblí an Aontais maidir le borradh a chur faoin margadh caipitil fiontair, trí bhíthin tionscnaimh amhail Ciste InvestEU, a bhfuil caipiteal príobháideach slógtha aige le haghaidh infheistíochtaí in FBManna agus i ngnólachtaí atá ag méadú. Thacaigh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) le gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta le deontais agus infheistíochtaí cothromais suas le EUR 30 milliún agus d'éirigh leis an Tionscnamh um Sheaimpíní Teicneolaíochta Eorpacha cistí poiblí a chomhthiomsú chun tacú le cistí caipitil fiontair Eorpacha. Spreag an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) fás thionscal an chaipitil fiontair le 30 bliain anuas, agus chuir sé suas le EUR 7 mbilliún in aghaidh na bliana ar fáil i gcistí ar fud na hEorpa. Léiríonn an taithí sin na tairbhí a bhaineann le tacaíocht a chomhcheangal trí idirghabhálaithe airgeadais, mar a rinneadh faoi InvestEU, a chuidíonn le héiceachóras caipitil fiontair a fhorbairt ina iomláine, le hinfheistíochtaí cothromais díreacha arna ndéanamh ag Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, lena gcumasaítear cinntí straitéiseacha maidir le cuideachtaí a roghnú chun infheistíocht a dhéanamh, sna comhpháirtithe infheistíochta agus sna treoirlínte infheistíochta, agus le cistí bainistíochta comhroinnte, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa go príomha, atá mar chatalaíoch le haghaidh cistí príobháideacha breise a mhealladh trí dheontais agus ionstraimí airgeadais. Tá méadú ag teacht ar infheistíochtaí caipitil fiontair coigríche i gcuideachtaí Eorpacha ó bhí 2016 ann.[15] Tá méadú ag teacht ar an líon aingeal gnó san Aontas, go háirithe bunaitheoirí rathúla atá toilteanach athinfheistiú agus meantóireacht a dhéanamh sa ghlúin nua de ghnólachtaí nuathionscanta.[16]

**Mar sin féin, tá córas airgeadais an Aontais fós dírithe ar an mbanc den chuid is mó**, agus is sócmhainní bainc 300 % de OTI an Aontais, i gcomparáid le 85 % sna Stáit Aontaithe.[17] Is iad easpa cultúir cothromais, col riosca, agus ilroinnt na margaí caipitil mar gheall ar rialacha náisiúnta éagsúla is cúis le margadh caipitil fiontair an Aontais a bheith beag.[18] Áirítear leis an ilroinnt rialála sin dócmhainneacht, dlíthe corparáideacha, córais chánach, agus margaí poiblí éagsúla a chuireann teorainn le deiseanna chun infheistíochtaí a scor.[19] Tá difríochtaí móra geografacha ann maidir le hinfhaighteacht an mhaoinithe sin, agus tá saincheisteanna móra fós le sárú ag roinnt Ballstát ag gach céim tiomsaithe airgid. Tá leibhéal na n-infheistíochtaí trasteorann fós íseal, rud a mhaolaíonn peirspictíochtaí fáis

[14] InvestEurope, 2024
[15] An tAontas Eorpach móide an Ríocht Aontaithe.
[16] Le Rialáil Soláthraithe Eorpacha Seirbhísí Sluachistiúcháin do ghnólachtaí, éascaítear idirghabháil agus meaitseáil níos éifeachtúla, lena n-áirítear idir aingil ghnó agus gnólachtaí nuathionscanta ar leibhéal uile-Eorpach.
[17] BEI (2024), *The scaleup gap: financial market constraints holding back innovative firms in the European Union* [An bhearna uas-scálaithe: srianta margaidh airgeadais a chuireann bac ar ghnólachtaí nuálacha san Aontas Eorpach] an Banc Eorpach Infheistíochta, https://data.europa.eu/doi/10.2867/382579
[18] BEI (2024), *The scaleup gap: financial market constraints holding back innovative firms in the European Union* [An bhearna uas-scálaithe: srianta margaidh airgeadais a chuireann bac ar ghnólachtaí nuálacha san Aontas Eorpach] an Banc Eorpach Infheistíochta, https://data.europa.eu/doi/10.2867/382579
[19] Féach an achoimre ar an gcomhairliúchán atá sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Straitéis seo.

freisin agus a d'fhéadfadh brú a chur ar chuideachtaí nuálacha margaí níos mó agus maoiniú níos simplí lasmuigh den Eoraip a lorg.

**Tá bearna shoiléir chistiúcháin fós ann a mhéid a bhaineann le maoiniú uas-scálúcháin teicneolaíochtaí ardriosca atá dian ar chaipiteal lena n-éilítear infheistíochtaí os cionn EUR 100 milliún.**[20] Tá roinnt rioscaí ag baint leis an easpa inrochtaineachta níos leithne ar uas-scálú nó ar chaipiteal fáis don Aontas, is é sin i) caillteanas cuideachtaí a chothaigh an Eoraip le linn na chéad chéime fáis, agus ii) cailliúint teicneolaíochtaí criticiúla atá riachtanach dár rathúnas sa todhchaí. Tá gá le ciste um Eoraip na ngnólachtaí atá ag méadú a bhfuil mais chriticiúil aige, a fheidhmeoidh faoi dhálaí an mhargaidh, chun an bhearna sin a líonadh agus chun slándáil eacnamaíoch agus ceannasacht teicneolaíochta an Aontais a neartú. Ina theannta sin, mar a fógraíodh san Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, féachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun tacú le TSTE 2.0, struchtúr ciste cistí níos doimhne agus níos uaillmhianaí fós, lena gcomhthiomsaítear caipiteal ó infheisteoirí príobháideacha agus poiblí araon, atá beartaithe ag CEI a sheoladh faoi 2026. Áiritheofar dlúthchomhar agus comhlántacht idir TSTE 2.0 agus an Ciste nua um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú chun an tionchar agus an tsolúbthacht a uasmhéadú, go háirithe i bhfianaise an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo.

**Tá an t-éileamh ar mhaoiniú gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta doimhne fós ard freisin.** D'ainneoin go bhfuil Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí ar cheann de phríomhinfheisteoirí teicneolaíochta doimhne na hEorpa agus gan ach 4 bliana caite ó bunaíodh é, ní féidir freastal faoi láthair ar an éileamh ó chuideachtaí teicneolaíochta doimhne den scoth ar thacaíocht CNE.[21] An tráth céanna, ní mór do CNE a phróisis a shimpliú agus a luathú chun freagairt níos fearr do riachtanais a iarratasóirí agus a n-institiúidí infheistiúcháin ionchasacha. Ina theannta sin, beidh CNE ag fáil inspioráid ó chleachtais de chineál ARPA agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar lena infheisteoirí iontaofa, lena chomhpháirtithe corparáideacha agus leis na nuálaithe Eorpacha is rathúla chun treochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a shainaithint.[22]

**Go háirithe, tá bacainní nach beag fós roimh fhiontraithe agus infheisteoirí mná maidir le rochtain a fháil ar chistiú.** Mar shampla, tá forlámhas fós ag foirne bunaitheoirí ar bhfuil fir amháin in infheistíocht chaipitil i ngnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta, agus faigheann foirne bunaitheoirí ar a bhfuil idir fhir agus mhná 15 % den chistiú, agus ní fhaigheann foirne ar a bhfuil mná amháin ach 3 %.[23] Tá sé ríthábhachtach rochtain na mban ar chistiú a neartú, a n-ionadaíocht i róil chinnteoireachta san airgeadas a mhéadú, agus líonraí infheistíochta faoi stiúir mhná a chothú chun an bhearna inscne leanúnach sin a dhúnadh. Leis

---

[20] Tuarascáil CEI maidir leis an mbearna maoinithe uas-scálaithe [Bearna maoinithe uas-scálaithe]

[21] Níor éirigh ach le 5,9 % de na hiarratais ar Luasaire CNE sa scoithphointe is déanaí (Deireadh Fómhair 2024), figiúr atá comhsheasmhach le scoithphointí roimhe sin.

[22] Is gníomhaireacht rialtais de chuid na Stát Aontaithe é ARPA (Advanced Research Projects Agency [Ard-Ghníomhaireacht um Thionscadail Taighde]) a mhaoiníonn taighde ardriosca ardluaíochta chun nuálaíochtaí ceannródaíocha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a spreagadh, a bunaíodh ar dtús mar ARPA (DARPA anois) faoin Roinn Cosanta agus a ndearnadh a mhacasamhlú ina dhiaidh sin in earnálacha eile amhail fuinneamh (ARPA-E) agus sláinte (ARPA-H).

23 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht, *She-Figures 2024* [Figiúirí lena Léirítear Mná i dTaighde agus Nuálaíocht 2024] – Tuarascáil bheartais, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta agus leis an athbhreithniú a dhéanfar air go luath (2026), féachfar freisin leis an tacaíocht don nuálaíocht shóisialta a fheabhsú.

**Sa lá atá inniu ann, níl ach ról teoranta ag infheisteoirí institiúideacha Eorpacha, lena n-áirítear cistí pinsin agus árachais, i margadh caipitil fiontair na hEorpa**. Idir 2013 agus 2023, ní raibh i gcistí pinsin ach 7 % de chistiú caipitil fiontair san Aontas.[24] Mar sin féin, tá tús curtha cheana féin ag roinnt Ballstát den Aontas le tionscnaimh a thionscnamh[25] chun infheisteoirí institiúideacha a shlógadh chun páirt a ghlacadh in infheistíochtaí caipitil fiontair.

**Bíonn deacrachtaí ag go leor gnólachtaí nuathionscanta a sócmhainní doláimhsithe a úsáid, amhail maoin intleachtúil, mar chomhthaobhacht nó mar urrús chun cistiú a thiomsú**, mar gheall ar i) cleachtais bhaincéireachta shriantacha, ii) éiceachóras luachála maoine intleachtúla tearcfhorbartha, iii) easpa muiníne i modhanna luachála maoine intleachtúla, iv) feasacht íseal ar mhodhanna luachála maoine intleachtúla a aithnítear go hidirnáisiúnta agus, ar bhonn níos ginearálta, v) aitheantas teoranta margaidh ar mhaoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil. Tá easpa dreasachtaí san Aontas chun bainc agus infheisteoirí institiúideacha a spreagadh chun páirt a ghlacadh i maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil.

**Tá acmhainneacht aingil ghnó na hEorpa fós teoranta** mar gheall ar bhacainní ar infheistíocht trasteorann agus ar chleachtais ghnó a chuireann bac ar infheistíocht aingil ghnó thar thréimhse fhada.

Tá reachtaíocht an Aontais amhail **scagadh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) agus rialacha maidir le Státchabhair** ríthábhachtach chun slándáil, leasanna straitéiseacha agus cothroime mhargadh aonair an Aontais a áirithiú. Baineann sé sin freisin le IDC i ngnólachtaí nuathionscanta agus i ngnólachtaí atá ag méadú, i gcás ina bhfuil saincheisteanna maidir le húinéireacht maoine intleachtúla agus breisluach áitiúil ríthábhachtach. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh gnólachtaí nuathionscanta den tuairim uaireanta go bhfuil ualach rómhór ag baint lena gcur chun feidhme agus go bhfuil siad plúchtach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go leanfaidh na hionstraimí sin de bheith dírithe ar a gcuspóirí. Den mheon sin, is é is aidhm don athbhreithniú leanúnach ar an Rialachán maidir le Scagadh IDC próisis scagtha ar fud na mBallstát a chomhchuibhiú agus comhar ar fud an Aontais a fheabhsú. Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta um scagadh IDC éifeachtach, comhréireach, intuartha agus nach ndíspreagfaidh siad infheistíochtaí dlisteanacha. Cuireann na rialacha maidir le Státchabhair roinnt solúbthachta ar fáil cheana féin do ghnólachtaí nuathionscanta, rud a cheadaíonn díolúintí ó shrianta ginearálta ar chabhair do chuideachtaí atá 'i gcruachás'. Mar sin féin, ós rud é go mbraitheann na sainmhínithe atá ann faoi láthair ar tháscairí airgeadais statacha, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar conas na rialacha sin a oiriúnú ar bhealach níos fearr chun tacaíocht a chur ar fáil le go mbeidh gnólachtaí nuathionscanta in ann fás.

**Tá infhaighteacht theoranta roghanna oiriúnacha scoir ina bhacainn mhór ar fhás caipitil fiontair agus fáis san Aontas**. Cé go bhfuil méadú nach beag tagtha ar mhéideanna TTP san Eoraip—le breis agus EUR 320 billiún le deich mbliana anuas—tá scor fós comhchruinnithe i roinnt tíortha, agus níl i stocmhargadh an Aontais ach 55 % de mhéid OTI

[24] France Digitale, 2024
[25] Mar shampla, tionscnamh Tibi sa Fhrainc nó tionscnamh WIN sa Ghearmáin.

an Aontais i gcomparáid le 147 % sna Stáit Aontaithe. Níl san Aontas ach 11 % de TTPanna domhanda.

Chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin i bhfeidhmiú mhargaí caipitil an Aontais, tá straitéis an **Aontais Coigiltis agus Infheistíochta**[26] á cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Laghdóidh an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta ilroinnt an mhargaidh, cruthóidh sé deiseanna infheistíochta níos fearr do shaoránaigh agus cuideoidh sé le roghanna cistiúcháin a leathnú do ghnólachtaí. Féachfaidh sé go háirithe le feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú cothromais agus fiachais do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, ról an chaipitil fiontair agus na n-infheisteoirí institiúideacha a neartú agus ionstraimí cistiúcháin phoiblí an Aontais a ailíniú níos fearr le cuspóirí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.

Ar deireadh, **tá ról lárnach ag cumaisc agus éadálacha maidir le nuálaíocht a athinfheistiú agus a mhéadú,** ach is cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad a dhéanann os cionn 60 % de cheannaigh nuathionscanta Eorpacha thar barr amach. Chun go gcoinneoidh an tAontas a cheannasacht theicneolaíoch agus chun fás na nuálaíochta dúchais a chothú, ní mór do chorparáidí Eorpacha dul san iomaíocht ar bhealach níos fearr chun tallann agus teicneolaíochtaí a choinneáil laistigh dár mór-roinn, agus a áirithiú san am céanna gur féidir le cuideachtaí óga a straitéisí fáis agus scoir féin a roghnú gan an uaillmhian a mhaolú.

**Gníomhaíochtaí**

- **Leathnóidh an Coimisiún an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach** agus déanfaidh sé a rialacha a shimpliú. Méadóidh CNE a fhócas ar chistiú céimnithe atá dírithe ar dhúshláin le haghaidh nuálaíochtaí ardriosca trí níos mó próiseas atá cosúil le ARPA a thabhairt isteach. Ina theannta sin, leathnóidh sé a Líonra Infheisteoirí Iontaofa agus rachaidh sé i dteagmháil níos fearr le ceinteáir agus le haonbheannaigh an Aontais le haghaidh aiseolas beartais (2025).
- Oibreoidh an Coimisiún le hinfheisteoirí príobháideacha chun **Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú,**[27] atá margadhbhunaithe, atá á bhainistiú go príobháideach agus atá cómhaoinithe go príobháideach a chur chun úsáide, mar chuid de Chiste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, chun cuidiú le bearna mhaoinithe na gcuideachtaí teicneolaíochta doimhne atá ag méadú a dhúnadh. Leis an gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú, slógfar cistí príobháideacha nach beag agus déanfar infheistíochtaí cothromais díreacha in earnálacha straitéiseacha,[28] chun rannchuidiú le ceannasacht theicneolaíoch agus slándáil eacnamaíoch na hEorpa. Tá cur chun úsáide an Chiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú gan dochar don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Oibreoidh an Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú i ndlúthchomhar le InvestEU agus i gcomhlántacht leis an

[26] *Savings and Investments Union A Strategy to Foster Citizens' Wealth and Economic Competitiveness in the EU* [Aontas Coigiltis agus Infheistíochta: Straitéis chun Rachmas na Saoránach agus Iomaíochas Eacnamaíoch a Chothú san Aontas] (COM/2025/124, final)

[27] Tagraíodh don chiste sin i dTeachtaireachtaí ón gCoimisiún roimhe seo, e.g. an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, mar *Chiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú* – is ionann an coincheap. Cinnfear rialachas inmheánach an Choimisiúin ar an gciste tar éis ghlacadh na straitéise.

[28] Amhail, mar shampla, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, leathsheoltóirí ardfhorbartha, teicneolaíocht leighis, bith-theicneolaíocht, feidhmeanna bithgheilleagair, teicneolaíocht agus fuinneamh glan (lena n-áirítear teicneolaíocht núicléach), teicneolaíocht uisce agus ghorm, slándáil, cosaint, spás, róbataic agus ardábhair, chomh maith le haon fheidhm dé-úsáide a áireamh.

Tionscnamh um Sheaimpíní Teicneolaíochta Eorpacha agus le hionstraimí eile de chuid Ghrúpa BEI (2026).

- Oibreoidh an Coimisiún, i gcomhar le Grúpa BEI, le hinfheisteoirí móra institiúideacha chun **Comhshocrú deonach Eorpach Infheistíochta um Nuálaíocht** a fhorbairt dóibh siúd a gheallann cuid dá sócmhainní faoi bhainistíocht a infheistiú i gciste cistí an Aontais, i gcistí caipitil fiontair agus i ngnólachtaí neamhliostaithe atá ag méadú (2026).

- Déanfaidh an Coimisiún ionstraimí atá ann cheana a ghiaráil agus a threisiú agus forbróidh sé ionstraimí nua chun infheistíocht a dhéanamh i **ngnólachtaí Eorpacha nuathionscanta agus i ngnólachtaí Eorpacha atá ag méadú i réimse na slándála agus na cosanta,** i gcomhréir leis an bPáipéar Bán maidir le Cosaint[29] agus bunaithe ar an bPacáiste Omnibus um Shimpliú Cosanta atá ar na bacáin. D'fhéadfaí a áireamh ar na hionstraimí sin cuir chuige chistiúcháin níos solúbtha agus níos oiriúnaí do nuálaithe cosanta atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear ón Úcráin freisin, amhail tacaíocht spriocdhírithe d'eintitis aonair; chomh maith le raon feidhme roghanna cistiúcháin an Aontais atá ar fáil a threisiú agus a leathnú, lena n-áirítear ionstraimí cothromais agus fiachais (2026).
- Forbróidh an Coimisiún **creat le haghaidh luacháil maoine intleachtúla** le haghaidh maoiniú bunaithe ar mhaoin intleachtúil i gcomhar le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh. Leathnóidh sé freisin an bonn fianaise chun ionstraimí nithiúla maoinithe maoine intleachtúla a fhorbairt. (R2 2027).

- Tacóidh an Coimisiún le **haingil ghnó Eorpacha** agus lena líonraí chun níos mó deiseanna a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta óga fás (2026).

- Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar na bacáin ar na Treoirlínte maidir le Teacht i gCabhair agus Athstruchtúrú, athbhreithniú ar an sainmhíniú ar **'gnóthas atá i gcruachás'** agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí áirithe atá ag méadú, nach bhfuil i mbaol dul as gnó, chun tairbhe a bhaint as cineálacha eile Státchabhrach (ó R2 2025) á gcur san áireamh.

- Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na **Treoirlínte Cothrománacha agus Neamhchothrománacha maidir le cumaisc** agus aird á tabhairt ar chritéir dhinimiciúla amhail iomaíocht nuálaíochta (2027).

- Cruthóidh an Coimisiún **Líonra Corparáideach Eorpach** chun cuideachtaí móra, infheisteoirí fiontair chorparáidigh agus soláthróirí corparáideacha a chomhtháthú níos fearr in éiceachóras nuálaíochta an Aontais agus chun tairbhiú de réitigh nuálaíochta arna bhforbairt ag gnólachtaí nuathionscanta. Thabharfadh comhaltaí an Líonra comhairle maidir le beartas gaolmhar, déanfaidh siad líonrú le gnólachtaí nuathionscanta agus thabharfadh siad gealltanas deonach tús áite a thabhairt do

[29] An Coimisiún Eorpach, *White Paper for European Defence – Readiness 2030* [Páipéar Bán um Chosaint na hEorpa – Ullmhacht 2030], an 19 Márta 2025 https://commission.europa.eu/document/download/e6d5db69-e0ab-4bec-9dc0-3867b4373019_en?filename=White%20paper%20for%20European%20defence%20%E2%80%93%20Readiness%202030.pdf

ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha nuair a théann siad i mbun réitigh nuálacha, nuair a infheistíonn siad agus nuair a sholáthraíonn siad réitigh nuálacha, go háirithe nuair a úsáideann siad cistiú poiblí nó nuair a oibríonn siad bonneagair thaighde agus theicneolaíochta chriticiúla (2026).

## 4. GLACADH AGUS LEATHNÚ TAPA SA MHARGADH

**Braitheann tráchtálú rathúil táirgí nuálacha ar mheascán de thiomáint fiontraíochta, de chaipiteal rioscafhulangach, d'éileamh an mhargaidh agus de thacaíocht phoiblí. Tá ról ríthábhachtach ag ollscoileanna[30] san éiceachóras sin**, agus os cionn 157,000 seach-chuideachta agus gnólacht nuathionscanta á dtáirgeadh ag *alumni*, rud a d'fhéadfadh 6,1 milliún post a ghiniúint sna 10 mbliana amach romhainn.[31] Tá cuntas teiste seanbhunaithe ag an Aontas maidir le tionscnaimh agus beartais phoiblí chun tacú le héiceachórais nuálaíochta. Táthar ag súil go ndéanfaidh **Córas Eorpach na bPaitinní Aonadacha**, a seoladh in 2023, costais phaitinne a laghdú go mór, cosaint aonfhoirmeach a sholáthar agus dlús a chur le tráchtálú teicneolaíochtaí ar fud an Aontais.

**San Eoraip, tá aistriú taighde go fiontair thráchtála fós íseal lasmuigh de bhraislí nuálaíochta ardfheidhmíochta.** Tacaíonn an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht,[32] an Líonra Fiontar Eorpach,[33] Ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha (ECCP) agus MNDEnna (Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha) leis an bhfiontraíocht agus le gnólachtaí nuathionscanta acadúla cheana féin, ach tá príomh-shaincheisteanna fós ann. Cé gurb iad ollscoileanna is cúis le os cionn 10 % de na paitinní a chomhdaítear ag Oifig Eorpach na bPaitinní Eorpacha, ní dhéantar ach aon trian de na paitinní sin a shaothrú ar bhonn tráchtála. Príomh-shaincheist is ea an easpa meoin ar son na nuálaíochta in ollscoileanna go leor, áit nach bhfuil dreasachtaí leordhóthanacha ann do thaighdeoirí a gcuid oibre a thráchtálú. Tá éagsúlacht sna creataí dlíthiúla, eagraíochtúla agus airgeadais le haghaidh seach-chuideachtaí acadúla ar fud na hEorpa, rud a chruthaíonn tírdhreach míchothrom ar fud na mór-roinne. Ina theannta sin, tá col riosca rómhór i gceist leis an bpróiseas soláthair phoiblí i roinnt mhaith Ballstát, rud a théann ar sochar do sholáthraithe seanbhunaithe seachas do ghnólachtaí nuathionscanta. Cuireann sé sin teorainn le rochtain gnólachtaí nuathionscanta ar chonarthaí poiblí le haghaidh réitigh nuálacha. Cuireann próisis soláthair chorparáidigh bac freisin ar chumas gnólachtaí nuathionscanta leathnú, agus is minic a bhíonn an nuálaíocht faoi bhac ag cleachtais a bhfuil col riosca acu.

**Chun timpeallacht nuálaíochta níos comhtháite a chothú, ní mór don Aontas éiceachórais idirnasctha níos láidre a spreagadh trí thacaíocht níos fearr a thabhairt d'ollscoileanna, d'institiúidí taighde agus do ghnólachtaí nuathionscanta**. Ní mór do Bhallstáit uile den Aontas **Córas na bPaitinní Aonadacha** a ghlacadh go hiomlán chun costais phaitinne a laghdú agus chun tráchtálú taighde a éascú. Ó thaobh an tsoláthair de, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht agus bearta neamhreachtacha a bhaineann

---

[30] Lena n-áirítear mar Ollscoileanna Eolaíochtaí Feidhmeacha agus Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta.

[31] *Redstone University Startup Index - Europe's Trillion Euro Opportunity* [Innéacs Ollscoil Redstone um Ghnólachtaí Nuathionscanta - Deis Trilliún Euro na hEorpa], 2024 - https://www.redstone.vc/research/redstone-university-startup-index

[32] Thacaigh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) go díreach le breis agus 9 900 gnólacht nuathionscanta agus gnólacht atá ag méadú a bhfuil beagnach EUR 10 mbilliún de chistiú seachtrach tiomsaithe acu le chéile, rud a d'fhág go bhfuil aonbheannaigh agus cuideachtaí nuálacha ann ar fiú EUR 71,2 billiún iad sa lá atá inniu ann.

[33] Cuidíonn breis agus 3 500 comhairleoir de chuid an Líonra Fiontar Eorpaigh le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú le tacaíocht ghnó saor in aisce i mbeagnach 60 tír. Cuireann os cionn 1 500 braisle borradh freisin faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas i measc a pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta.

le soláthar poiblí agus príobháideach a athbhreithniú agus a mholadh, rud a chuideoidh freisin le tacaíocht níos fearr a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú trí bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú agus tríd an nuálaíocht a spreagadh. Le bearta neamhreachtacha comhlántacha, feabhsófar faireachán, cistiú agus líonraí inniúlachta náisiúnta ar fud na mBallstát. Trí thacú le comhar trasteorann laistigh den Aontas agus trí rochtain ar phróisis soláthair a shimpliú, is féidir leis an Aontas timpeallacht níos fabhraí a chruthú le haghaidh fás agus méadú gnólachtaí nuathionscanta. Chun feabhas a chur ar an gcomhar idir gnólachtaí nuathionscanta agus corparáidí, ba cheart comhpháirtíochtaí straitéiseacha a spreagadh, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do ghnólachtaí nuathionscanta a gcéad chustaiméirí a dhaingniú agus fás. Is féidir leis an **mbeartas comhtháthaithe** cuidiú freisin le gníomhaithe réigiúnacha agus náisiúnta a nascadh, nascacht chríochach a chothú agus cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta méadú. Is céim thábhachtach é an t-athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe chun iarrachtaí réigiúnacha agus náisiúnta a ailíniú chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta nascadh le corparáidí móra agus dul isteach i margaí nua.

Ar deireadh, tacóidh an Coimisiún, i gcomhar leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis na Ballstáit, le **gnólachtaí nuathionscanta rochtain a fháil ar mhargaí domhanda**, lena n-áirítear trí chomhaontuithe trádála a ghiaráil agus trí Thoscaireachtaí an Aontais, líonraí na mBallstát agus uirlisí tiomnaithe de chuid an Aontais a shlógadh.[34] Oibreoidh an Coimisiún freisin chun réitigh nuálacha ó ghnólachtaí nuathionscanta agus ó ghnólachtaí atá ag méadú a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i slabhraí luacha **Global Gateway** agus rachaidh sé chun tairbhe a ionstraimí airgeadais tacaíochta, chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhargaí a fhorbairt.

<u>**Gníomhaíochtaí**</u>

- Seolfaidh an Coimisiún **Tionscnamh ón tSaotharlann go hAonbheannach** chun dlús a chur le tráchtálú torthaí taighde. Faoin tionscnamh seo, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
  - tacaíocht a chur ar fáil do **Mhoil Eorpacha do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus do Ghnólachtaí atá ag Méadú**, atá fréamhaithe in éiceachórais láidre ollscoile, chun líonrú agus comhoibriú thar theorainneacha chun rochtain ar sheirbhísí, ar bhonneagair agus ar chorparáidí faoi seach a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú. Bainfear leas as sineirgí le líonraí atá ann cheana i gcás inarb ábhartha (2026).
  - **Treoirphlean a fhorbairt maidir le ceadúnú, comhroinnt ríchíosanna agus ioncaim agus rannpháirtíocht cothromais d'institiúidí acadúla agus dá n-aireagóirí** agus maoin intleachtúil á tráchtálú agus seach-chuideachtaí á gcruthú, agus dea-chleachtas tráchtála á leanúint. Tacóidh an Coimisiún le fothú acmhainneachta na nOifigí Aistrithe Teicneolaíochta agus le róil 'tógálaithe fiontar' a chruthú in eagraíochtaí a dhéanann taighde, lena n-áirítear

[34] Lena n-áirítear ardáin ar líne amhail tairseach Access2Markets de chuid an Choimisiúin, deasca cabhrach sonracha i dtíortha nach de chuid an Aontas iad, líonraí a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún amhail an Líonra Fiontar Eorpach nó Comhlachais Tráchtála náisiúnta nó Eorpacha laistigh den Aontas, nó i margaí eachtracha ionchasacha.

Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta, bonneagair thaighde agus ollscoileanna (2026).

  - **treoraíocht** dhlíthiúil agus cur chun feidhme a sholáthar **i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair** chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta trí shoiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar féidir le hollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí cearta maoine intleachtúla a dheonú i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an Státchabhair (2026).

- Molfaidh an Coimisiún sraith beart maidir le **soláthar ar son na nuálaíochta**. Go háirithe:

  - I gcomhthéacs an **athbhreithnithe ar threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí**, féachfaidh an Coimisiún le bealaí a aimsiú chun rochtain ar sholáthar poiblí a fheabhsú agus a shimpliú, agus riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú á gcur san áireamh. Bhreathnófaí sa chomhairliúchán poiblí freisin ar shaincheisteanna atá ábhartha go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, amhail róshonraíocht agus ceanglais iomarcacha airgeadais i ndoiciméid tairisceana a theorannú agus forálacha CMI atá níos fabhraí don nuálaíocht agus innealtóireacht luacha a thabhairt isteach.

  - I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar **threoir an Aontais maidir le soláthar poiblí i réimse na cosanta agus na slándála**, féachfaidh an Coimisiún le bealaí a chothú lena gcothófar gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a áireamh i soláthairtí agus cuirfidh sé san áireamh tosaíocht fhéideartha an Aontais i soláthairtí chun iomaíochas agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a threisiú.

  - I gcomhthéacs **na hIonstraime Eorpaí um Nuálaíocht**, lena gcomhlánaítear an méid thuas, féachfaidh an Coimisiún le bealaí a aimsiú chun infheistíochtaí iomlána i soláthar nuálaíochta poiblí agus príobháideach ar fud na hEorpa a mhéadú i) nós imeachta mear a chur ar fáil maidir le soláthar poiblí seirbhísí T&F nach dtagann faoi threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí, lena n-áirítear soláthairtí réamhthráchtála; ii) straitéisí foinsithe atá dírithe ar an nuálaíocht a dhreasú do sholáthróirí príobháideacha.

Tacóidh an Coimisiún leis na bearta reachtacha thuasluaite le **bearta tacaíochta neamhreachtacha**, amhail i) leanúint d'fhaireachán uile-Aontais a dhéanamh ar chreataí beartais náisiúnta um sholáthar nuálaíochta agus ar infheistíochtaí agus é a chomhtháthú i scórchláir an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Chórais Eorpaigh Nuálaíochta; ii) tacaíocht ó chistiú T&N an Aontais do cheannaitheoirí poiblí a threisiú chun soláthar nuálaíochta comhpháirteach a chur chun feidhme in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha agus iii) líonra Eorpach na lárionad náisiúnta inniúlachta um sholáthar nuálaíochta a threisiú agus é a leathnú tuilleadh chuig na Ballstáit uile.

## 5. TACAÍOCHT DON TALLANN IS FEARR SAN EORAIP

**Braitheann rath gnólachta nuathionscanta go mór ar rochtain ar thallann ardoilte**. Tá tionscnaimh curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát den Aontas amhail scéimeanna víosaí fánaí digiteacha, sainaithint leictreonach ríomhchónaithe agus cláir oibrithe cháilithe chun an tallann is fearr a mhealladh. Ceapadh na scéimeanna sin chun athlonnú iarrthóirí ardoilte a éascú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do ghnólachtaí nuathionscanta leas a bhaint as an linn tallainne dhomhanda. Cuideoidh Linn Tallainne agus Comhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais Eorpaigh freisin le náisiúnaigh oilte tríú tír a earcú, atá saincheaptha do na hearnálacha is mó a bhfuil gá acu le lucht saothair oilte. Ina theannta sin, tá foirne dáilte go cianda ag 59 % de ghnólachtaí nuathionscanta san Eoraip, agus 78 % d'fhoirne innealtóireachta ag obair go cianda. Chuidigh an treocht sin le himirce daoine oilte réigiúnacha a chosc agus chuir sé ar chumas gnólachtaí nuathionscanta rochtain a fháil ar linn níos leithne tallainne Eorpaí agus costais oibríochtúla á n-íoslaghdú san am céanna. Mar sin féin, tá bac fós ar an obair i bhfoirne trasteorann cianda mar gheall ar chastacht na n-oibleagáidí cánach agus slándála sóisialta.

**D'ainneoin na dtionscnamh sin, tá an iomaíocht le haghaidh tallann cháilithe fíochmhar i gcónaí.** Cuireann bacainní soghluaisteachta trasteorann, go háirithe bacainní ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí, acmhainneacht acadúil nach bhfuil leas á bhaint aisti, tearcionadaíocht nach beag na mban agus éagsúlacht theoranta leis an tsaincheist sin. Ina theannta sin, is minic nach féidir le gnólachtaí nuathionscanta an pá agus na sochair a chuireann cuideachtaí móra ar fáil a mheaitseáil, rud a fhágann go bhfuil sé deacair na fostaithe is fearr a mhealladh. Cruthaíonn na castachtaí a bhaineann le **Scair-rogha Fostaithe (ESOnna)**, amhail difríochtaí sa chóireáil chánach ar fud Bhallstáit den Aontas, dúshláin bhreise do ghnólachtaí nuathionscanta agus cúiteamh neamhairgid á thairiscint acu chun tallann oilte a mhealladh.

**Baineann saincheist mhór leis an oideachas fiontraíochta freisin.**[35] Tá rochtain ag níos lú ná 50 % de mhic léinn an Aontais sa mheánoideachas agus san ardoideachas ar aon chineál oideachais fiontraíochta, rud a chuireann bac ar fhorbairt fiontraithe amach anseo.[36] Ina theannta sin, is minic nach mbíonn na dreasachtaí is gá ag na creataí atá ann cheana chun torthaí taighde acadúil a bhainistiú agus a thráchtálú, ós rud é go dtugann ollscoileanna tús áite d'fhoilseachán acadúil thar thráchtálú.[37,38]

**Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna tallainne, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an oideachas fiontraíochta,** lena n-áiritheofar go sealbhóidh mic léinn na scileanna, an meon agus an athléimneacht is gá chun nuáil a dhéanamh agus chun poist a chruthú. Ba cheart cláir a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais tionscail chun eolas praiticiúil a thabhairt do mhic léinn. Ina theannta sin, trí **cheannaireacht atá cothrom ó thaobh inscne de agus éagsúlacht** a chur chun cinn laistigh d'éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta, cuideofar

[35] An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna 2025, https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/union-skills_en

[36] *Entrepreneurship 2020 Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Fiontraíochta 2020] de chuid an Choimisiúin Eorpaigh

37 *Challenges in academic commercialisation: a case study of the scientists' experiences*

38 Tuarascáil Draghi (2024), lch. 241.

le píblíne tallann níos láidre agus níos athléimní a thógáil. **Ba cheart d'ollscoileanna díriú níos mó freisin ar thráchtálú taighde a dhreasú** agus ar struchtúir luaíochta iomchuí a chruthú do thaighdeoirí a rannchuidíonn le seachfhoirmiúcháin agus le haistriú eolais. Trí ghnéithe áirithe de láimhseáil **Scair-roghanna Fostaithe** a chomhchuibhiú, lena n-áirítear cánachas, ar fud Bhallstáit den Aontas, laghdófar an chastacht riaracháin agus spreagfar níos mó gnólachtaí nuathionscanta chun scair-roghanna fostaithe a thairiscint mar thairbhe iomaíoch. Chun cuidiú le tallann a choinneáil, ba cheart do ghnólachtaí nuathionscanta leanúint de ghlacadh leis an tsamhail cianoibre, lena n-áiritheofar go rachaidh siad i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann le cúram sláinte, freagrachtaí i ndáil le cúram a thabhairt, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánachas scoir.

Is príomhchéimeanna iad an Treoir maidir le Cárta Gorm an Aontais agus an togra le haghaidh Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha chun mealladh agus coinneáil tallann ardoilte neamh-AE a éascú. Mar sin féin, leis an gCárta Gorm tugtar aghaidh go príomha ar fhostaithe seachas ar bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta ná ar fhiontraithe nuálacha. Tá scéimeanna náisiúnta ag roinnt Ballstát, ach tá an próiseas fós ilroinnte agus casta. Trí na nósanna imeachta sin a chuíchóiriú le haghaidh ceadanna oibre agus cónaithe, cuideofar le córas níos comhtháite agus níos éifeachtúla a chruthú. Ina theannta sin, beidh earcaíocht idirnáisiúnta ó thíortha lasmuigh den Aontas fíor-riachtanach chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar scileanna speisialaithe ar gach leibhéal san éiceachóras nuathionscanta.

**<u>Gníomhaíochtaí</u>**

Seolfaidh an Coimisiún **tionscnamh maidir le Cairpéad Gorm** chun tacú le tallann ardoilte agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil ó laistigh den Aontas agus ó thíortha nach de chuid an Aontais iad. Mar chuid den tionscnamh sin, déanfaidh an Coimisiún (2025-2026):

- **Oideachas fiontraíochta** agus uas-sciliú a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí EIT, agus rannpháirtíocht atá cothrom ó thaobh inscne de agus éagsúil á cur chun cinn.
- **Treoirphlean a fhorbairt le haghaidh creat forbartha gairme acadúla** lena dtabharfar luach saothair do ghníomhaíochtaí tráchtálaithe taighde, lena n-áirítear aistriú ó ollscoil go hearnáil na tionsclaíochta agus ar ais, amhail sna critéir mheastóireachta agus ardaithe foirne acadúla, mar chuid de chreat Inniúlachta na foirne acadúla a fógraíodh in Aontas na Scileanna.[39]
- dea-chleachtais a fhiosrú maidir le **scair-roghanna fostaithe do ghnólachtaí nuathionscanta** a láimhseáil**, lena n-áirítear bearta reachtacha a mheas chun gnéithe áirithe dá láimhseáil a chomhchuibhiú.**
- moladh a chur ar aghaidh **chun deireadh a chur le bacainní cánach le haghaidh fostaithe trasteorann cianda** do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú.
- **pacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair** a chur i láthair, lena n-áirítear soiléiriú ar rialacha comhordaithe slándála sóisialta i gcás cianobair trasteorann agus **Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna** chun aitheantas cáilíochtaí a éascú agus a shimpliú a thuilleadh, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tír (2026).

[39] Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna

- **Straitéis AE um Víosaí** a ghlacadh lena n-áireofar bearta chun mic léinn, taighdeoirí, fiontraithe agus oibrithe oilte ardoilte ó thríú tíortha a mhealladh ar bhealach níos fearr chun teacht chuig an Aontas, mar shampla tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí agus as an Treoir maidir le Cárta Gorm go háirithe do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta (R4 2025).
- tionscnamh **Oifigí Tairsí Dlíthiúla Ilchuspóireacha** a reáchtáil ar bhonn píolótach agus béim ar leith á leagan ar scileanna TFC (R4 2025). Beidh an tionscnamh píolótach ina ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéise agus cúnaimh do ghairmithe ardoilte, do mhic léinn agus do thaighdeoirí san earnáil TFC, ar spéis leo dul ag obair san Aontas.
- gníomhaíochtaí faisnéise spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun **an Treoir maidir le Cárta Gorm an Aontais a chur chun cinn**, i measc oibrithe agus fostóirí ardoilte nach oibrithe ná fostóirí de chuid an Aontais iad faoi na tairbhí a bhaineann le Cárta Gorm an Aontais, lena n-áirítear an fhéidearthacht do shealbhóir Chárta Gorm an Aontais agus dá bhaill teaghlaigh rochtain níos éasca a fháil ar stádas cónaithe fadtéarmach an Aontais.
- **na Ballstáit a spreagadh chun mearscéimeanna a chur i bhfeidhm** lena gceadófar do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta cead cónaithe agus oibre a fháil faoi nósanna imeachta simplithe agus brostaithe**.**
- **seirbhísí EURAXESS atá ann cheana do nuálaithe a shimpliú agus a threisiú**, lena n-áirítear trí thacaíocht shaincheaptha a thairiscint do thallann neamh-AE, le faisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na nósanna imeachta faoi seach ar fud Bhallstáit éagsúla den Aontas.

## 6. ROCHTAIN AR BHONNEAGAR, AR LÍONRAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSÍ

**Teastaíonn taighde ceannródaíoch, saoráidí teicneolaíochta agus saineolas ó ghnólachtaí nuathionscanta chun táirgí nua a thástáil, a scálú agus a bhailíochtú go tapa, chun dlús a chur leis an am go dtí an margadh agus chun borradh a chur faoin rath tráchtálaithe.** Tacaíonn Fís Eorpach leis sin trí mhaoiniú a thabhairt don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach, ina mbeidh 13 Mhonarcha IS nua a thairgeann cumhacht ríomhaireachta agus tacaíocht shaincheaptha do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta.[40]

Cuireann líonraí amhail an **Líonra Fiontar Eorpach**, **Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach** agus **EIT** cúnamh spriocdhírithe ar fáil. Ach in ainneoin na n-acmhainní sin, tá **bearnaí faisnéise**, **próisis chasta rochtana** agus **comhaontuithe ilroinnte maidir le bainistiú maoine intleachtúla** fós ina mbacainní móra. Bíonn deacrachtaí ag go leor gnólachtaí nuathionscanta dul i ngleic leis **an iliomad seirbhísí**, agus ní féidir leo na **bonneagair thaighde** chearta ná na deiseanna cistiúcháin cearta a shainaithint go héasca. Cuireann an easpa pointí iontrála soiléire agus rochtain ilroinnte ar chistiú, seirbhísí agus faisnéis leis an bhfadhb, rud a fhágann nach bhfuil bealaí cuíchóirithe ann chun rochtain a fháil ar an tacaíocht atá ar fáil. Meastar uaireanta go bhfuil na rialacha maidir le Státchabhair a bhaineann le rochtain ar bhonneagair phoiblí doiléir.

**Ní mór rochtain níos tapúla agus níos fearr a bheith ag gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, nuálaithe agus infheisteoirí ar na hacmhainní is gá chun go mbeidh rath orthu agus chun go bhfásfaidh siad.** I gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas atá ar na bacáin, déanfaidh an Coimisiún cuíchóiriú ar mhoil TF an Aontais atá ann cheana agus é mar aidhm aige pointe iontrála digiteach aonair a bhunú do nuálaithe, infheisteoirí agus soláthraithe seirbhíse Eorpacha chun cláir chistiúcháin, seirbhísí agus bonneagar a aimsiú, a chur i gcomparáid le chéile agus chun rochtain a fháil orthu. Cuirfear an tionscnamh sin chun feidhme i gcomhlántacht le hardán TechEU de chuid BEI.

**<u>Gníomhaíochtaí</u>**

- Forbróidh an Coimisiún **Cairt Rochtana d'úsáideoirí tionsclaíocha ar bhonneagair thaighde agus teicneolaíochta**, lena n-áirítear le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé rochtain éagsúil agus coinníollacha conarthacha éagsúla a shimpliú agus a chomhchuibhiú. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais le haghaidh rochtain ar shaoráidí ríomhaireachta IS do ghnólachtaí nuathionscanta (2025).
- Ag tógáil ar an gCairt, cuirfidh an **Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht** rochtain cuideachtaí nuálacha ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha chun cinn a thuilleadh trí bhearta reachtacha (R1 2026).
- Cuirfidh an Coimisiún **treoir dhlíthiúil agus cur chun feidhme ar fáil** maidir leis na **rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair** chun soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar féidir le hollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí

[40] a chuirfear chun úsáide i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga

rochtain a thabhairt ar bhonneagar i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair (2026).

## 7. DUL CHUN CINN A THOMHAS

**Faoi láthair, níl aon sainmhíniú aonair de chuid an Aontais ann ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá ag méadú ná ar chuideachtaí nuálacha**. Ghlac 11 Bhallstát den Aontas sainmhíniú dlíthiúil ar ghnólachtaí nuathionscanta[41] agus cúig Bhallstát[42] sainmhíniú dlíthiúil ar ghnólachtaí atá ag méadú, agus leagtar amach sainmhínithe ar leibhéal an Aontais chun críoch éagsúil sa Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine agus sa Rialachán maidir le Fís Eorpach. Cruthaíonn sé sin éiginnteacht agus fágann sé go bhfuil sé deacair sonraí a bhailiú nó measúnú a dhéanamh ar staid an éiceachórais ag am ar bith, gan trácht ar bhearta beartais spriocdhírithe a dhearadh do na cineálacha sin cuideachtaí. Leis an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta agus Staitistic Struchtúrach Gnó Eurostat soláthraítear léargais luachmhara ar ghnólachtaí ardfhááis agus ar éiceachórais nuálaíochta Eorpacha, ach tá easpa sainmhínithe caighdeánacha agus sainmhínithe a nglactar leo go ginearálta ag baint lena léirmhíniú.

**I bhfianaise an mhéid sin, tá gá le sainmhíniú comhchuibhithe ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá ag méadú agus ar chuideachtaí nuálacha**, ní hamháin chun tionchar na Straitéise agus a bearta beartais a thomhas, ach chun ligean don Choimisiún freisin bearta simplithe nó bearta tacaíochta spriocdhírithe breise a mholadh do na catagóirí cuideachtaí sin.

**Gníomhaíochtaí**

- Molfaidh an Coimisiún **sainmhíniú ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá ag méadú agus ar chuideachtaí nuálacha,** agus na sainmhínithe atá ann cheana ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga á gcur san áireamh (R1 2026).
- Bunóidh an Coimisiún **Scórchlár Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú** lena dtomhaisfear feidhmíocht na n-éiceachóras Eorpach agus náisiúnta i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus sin bunaithe ar shraith táscairí. Cuimseofar sna táscairí, i measc nithe eile, an líon gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, ceinteár agus aonbheannach. Úsáidfear é freisin chun tionchar na Straitéise a thomhas trí úsáid a bhaint as **trí Phríomhtháscaire Feidhmíochta**: 1) an méadú ar an líon gnólachtaí nuathionscanta san Aontas, 2) an méadú ar an líon ceinteár san Aontas agus 3) an méadú ar an líon aonbheannach san Aontas (ó 2026 ar aghaidh), agus comparáid a dhéanamh idir iad agus iomaitheoirí domhanda.
- Déanfaidh an Coimisiún **suirbhé bliantúil ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú** chun measúnú a dhéanamh ar an dearcadh atá ag bunaitheoirí cuideachtaí nuálacha maidir leis an bhfeabhas atá tagtha ar thimpeallacht rialála an Aontais le himeacht ama (ó 2026).

[41] BG, DK, EE, EL, HU, IT, LV, LT, PT, SI, ES
[42] BG, DK, EE, EL, PT

## CONCLÚID

**Is tráth cinniúnach é seo don Eoraip, agus tá sé ríthábhachtach gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a chur i gcroílár a cláir oibre iomaíochais chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin rathúnas amach anseo.** Leis an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, leagtar amach fís agus bunobair an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhair an chlaochlaithe sin, agus leas á bhaint as na láidreachtaí atá againn agus deiseanna an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair á dtapú san am céanna.

Leis an Straitéis sin, glactar cur chuige iomlánaíoch, trí phróisis ag gach céim d'fhorbairt gnólachtaí nuathionscanta a shimpliú, agus déantar gníomhaíocht ghearrthéarmach a chomhcheangal le hathchóirithe fadtéarmacha chun éiceachóras a chruthú inar féidir le gnólachtaí nuathionscanta in aon earnáil a bheith rathúil — agus cinneadh fanacht agus athlonnú san Eoraip. Fágann sí go mbítear in ann tíortha is iarrthóirí an Aontais a lánpháirtiú de réir a chéile.

**Chun go mbeidh rath uirthi ní mór í a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach**. Príomh-gharspriocanna amhail an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht agus an 28ú córas do chuideachtaí, beidh siad ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach. Comhtháthaítear sa Straitéis tacaíocht bheartais, reachtach agus airgeadais, agus béim láidir á leagan ar an gcuntasacht trí bhíthin ionstraimí soiléire rianaithe. Tabharfaidh an Coimisiún Eorpach dea-shampla trí ról a thabhairt do phobal na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú – lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin cruinnithe rialta d'aonbheannaigh agus ceinteáir na hEorpa – maidir leis na pleananna sin a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm.

**Is rud ríthábhachtach é an comhar ar fud na mBallstát chun go n-éireoidh léi.** Rianóidh Fóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí an dul chun cinn agus déanfaidh sé beart den uaillmhian, agus beidh tacaíocht pholaitiúil ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna na Straitéise go tráthúil agus go héifeachtach.

**Tá sé in am ceann scríbe gan sárú a dhéanamh den Aontas Eorpach i dtaca leis an nuálaíocht, áit a gcumhachtófar gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú le fás, méadú agus rath a bhaint amach. Ar an mór-roinn seo againne.**

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle Eorpach, ar an gComhairle agus ar na páirtithe leasmhara an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú a fhormhuiniú agus rannchuidiú go gníomhach leis na tionscnaimh a leagtar amach inti a chur i gcrích.

Tuairisceoidh an Coimisiún ar chur chun feidhme na Straitéise faoi dheireadh 2027.

**STRAITÉIS AE UM GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS GNÓLACHTAÍ ATÁ AG MÉADÚ**

**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ**

| **I. RIALACHÁN ATÁ FABHRACH DON NUÁLAÍOCHT** |
|---|
| **Gníomhaíochtaí** |
| • An 28ú córas le haghaidh cuideachtaí (R1 2026)<br>• Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa (R4 2025)<br>• An Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht (R1 2026)<br>• 'Tástáil Struis dheonach na Nuálaíochta' (R1 2026)<br>• Ualaí rialála in earnálacha straitéiseacha a laghdú (ó 2025)<br>• Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Caighdeánú (2026)<br>• Staidéar ar athstruchtúrú corparáideach (2026) |
| **II. MAOINIÚ NÍOS FEARR DO GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA AGUS DO GHNÓLACHTAÍ ATÁ AG MÉADÚ** |
| **Gníomhaíochtaí** |
| • An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (2025) a leathnú agus a shimpliú<br>• Ciste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú (2026)<br>• An Comhshocrú Eorpach Infheistíochta um Nuálaíocht (2026)<br>• Ionstraimí infheistíochta Eorpacha le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú i réimse na slándála agus na cosanta (2026)<br>• Creat le haghaidh luacháil maoine intleachtúla (R2 2027)<br>• Tacaíocht d'aingil ghnó Eorpacha (2026)<br>• Athbhreithniú ar an sainmhíniú ar 'ghnóthas atá i gcruachás' (ó R2 2025)<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir le Cumaisc Chothrománacha agus Neamhchothrománacha (2027)<br>• An Líonra Corparáideach Eorpach (2026) |
| **III. GLACADH AGUS LEATHNÚ TAPA SA MHARGADH** |
| **Gníomhaíochtaí** |
| • An tionscnamh ón tSaotharlann go hAonbheannach (2026)<br>• Bearta soláthair ar son na nuálaíochta (2025-2026) |
| **IV. TACAÍOCHT DON TALLANN IS FEARR SAN EORAIP** |

| |
|---|
| **Gníomhaíochtaí** |
| • Tionscnamh maidir le Cairpéad Gorm (2025-2026)<br>• Pacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair (2026) |
| **V. ROCHTAIN AR BHONNEAGAR, AR LÍONRAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSÍ** |
| **Gníomhaíochtaí** |
| • Cairt um Rochtain le haghaidh úsáideoirí tionsclaíocha ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta (2025)<br>• An Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht lena gcuirtear chun cinn rochtain cuideachtaí nuálacha ar bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha (R1 2026)<br>• Treoraíocht maidir leis na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair i gcás ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí chun rochtain ar bhonneagar a dheonú (2026) |
| **VI. DUL CHUN CINN A THOMHAS** |
| **Gníomhaíochtaí** |
| • Sainmhíniú ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá ag méadú agus ar chuideachtaí nuálacha (2026)<br>• Suirbhé bliantúil ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú (ó 2026)<br>• Scórchlár Eorpach um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú (ó 2026) |